

### Céard is teocht ann?

Is ionann teocht agus tomhas ar theas nó fuacht ruda.

An féidir leat an gal a fheiceáil ag ardú ón gcupa?

Úsáidtear teirmiméadar chun teocht a thomhas.



### Cathain a úsáidtear teirmiméadar?



Nuair a bhíonn **fiabhras** orainn úsáidimid teirmiméadar chun ár dteocht a mheas.

Ciallaíonn teocht ard nach bhfuil tú ar fónamh.

Faightear teirmiméadar dá leithéid seo i gcófra cógas agus i mbosca garchabhrach.

Úsáidimid teirmiméadar chun an teocht a thomhas **lasmuigh**.

Tá an teocht in Éirinn níos ísle sa gheimhreadh ná mar atá sa samhradh.

Tá aeráid shéimh ag Éirinn. Níl bhíonn sé ró-the ná ró-fhuar.



Tá teirmiméadar ar fáil i do **chuisneoir**.

Tá cineálacha bia áirithe (ar nós uachtar reoite) ar ghá a stóráil ag teocht íseal.

An bhféadfá smaoineamh ar aon áit eile ina mbeadh teirmiméadar?

### Cén saghas éadaí a chaithimid in aimsir fhuar nó the?

Caithfidimid cineálacha éagsúla éadaí ag brath ar an teocht lasmuigh.

Sa **gheimhreadh** caithimid cóta mór agus hata is scaif.

Sa **samhradh** caithimid éadaí éadroma cosúil le t-léinte agus brístí gearra.



Cad iad na cineálacha eile éadaí a chaithimid sa gheimhreadh agus sa samhradh?